

**Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe  
agus an Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas**

**don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021**

An Coimisiún um Rialáil Eitlóchta  
3<sup>ú</sup> hUrlár, Teach Alexandra  
6 Ardán Phort an Iarla  
Baile Átha Cliath 2  
D02 W773

Teil: +353 1 6611700  
Facs: +353 1 6611269  
R-phost: [info@aviationreg.ie](mailto:info@aviationreg.ie)

## Tábla na nÁbhar

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin .....	3
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtas.....	3
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar na Cúlchistí Ioncaim Choinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 .....	2
Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021.....	3
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 .....	4
DK Travel Limited.....	5
Joe Walsh Pilgrimage Tours Ltd.....	6
McGuill Travel Ltd.....	7
Brady Travel Ltd.....	8
Rathgar Travel Ltd .....	9
East West Travel Limited .....	10
USIT Ireland Limited (Gníomhaire Taistil).....	11
USIT Ireland Limited (Tionscnóir Turas) .....	12
Pamela Brownlee ag trádáil mar Flyaway Travel & Cruises for You.....	13
SM Tech Service Supply DAC ag trádáil mar Planet Travel.....	14
King Travel Ltd .....	15
Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021.....	16

## Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin

Ceanglaíonn Alt 13(5) agus 17(3) den Acht lompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982 (an tAcht), ar an gCoimisiún um Rialál Eitlíochta (An Coimisiún) ráitis airgeadais a ullmhú i ndáil le bannaí Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas arna dtarraingt anuas, agus i ndáil leis an gCiste Cosanta Taisteachaithe, agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh.


Tá sonraí faoi chórais agus nósanna imeachta rialachais agus rialaithe an Choimisiúin leagtha amach i ráiteas rialachais an Choimisiúin agus i dtuarascáil an Choimisiúin chomh maith lena Ráiteas ar Rialú Inmheánach.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear an méid seo a leanas ar an gCoimisiún:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh.
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura bhfuil an bonn sin míchuí.
- imeachtaí ábhartha ar bith ó chaighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Coimisiún freagrach as taifid imleora chuntasaíochta a choinneáil, ina nochtar le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais Chuntais an Chiste agus an Bhanna agus a chuireann ar a chumas a chinntí go gcloíonn na ráitis airgeadais le forálacha an Acharta. Tá an Coimisiún freagrach chomh maith as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh i ndáil le calaois nó mírialtachtáí eile a chosc agus a aimsiú.

Is í tuairim an Choimisiúin go dtugann ráitis airgeadais an Chiste Cosanta Taisteachaithe, na mbannaí Gníomhairí Taistil agus Oibreoirí Turais léargas fírinneach cóir ar an staid airgeadais.



**David Hodnett**  
Leas-Choimisinéir  
Dáta: 30 Meán Fómhair 2022



# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Cuntas an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Bannaí Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas

#### Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Chuntas an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas atá ullmhaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 mar a éilítear faoi fhórálacha ailt 13 agus 17 den Acht lompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982. Tá an méid seo a leanas sna ráitis airgeadais

- ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas ar staid an airgeadais
- ráiteas ar shreabhadh airgid
- na cuntas bhannaí, agus
- na notaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta thábhachtacha.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar acmhainní dliteanais agus staid airgeadais Chuntas an Chiste Cosanta Taistealaithe agus an Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas amhail an 31 Nollaig 2021 agus ar a gcuid ioncaim agus caiteachais do 2021 i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (CTA) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

#### Bunús na tuairime

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iníúchóireachta (ISAnna) mar a fhógraítear ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasphoras Iníúchóireachta. Is iad na freaghrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin ná iad siúd a bhfuil tuairisc orthu san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta agus tá mo chuid freaghrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Measaim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faigte agam le go mbeidh sí ina bonn do mo thuairim.

#### Tuarascáil ar ábhair eile

Tá mo chuid freaghrachtaí as tuairisc a thabhairt i ndáil le hábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu mar eisceacht leagtha amach san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.

Mark Brady  
Ar son agus thar ceann  
Ard-Reachtaire Cuntas agus  
Ciste  
30 Meán Fómhair 2022

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Choimisiúin

Mar a shonraítear sa ráiteas ar fhreagrachtaí an Choimisiúin, tá na freagrachtaí seo a leanas ag an gCoimisiún

- na ráitis airgeadais bliantúla a ullmhú i cibé foirm atá forordaithe faoi ailt 13 agus 17 den Acht lompair (Tionsnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982
- a chinntí go dtugann na ráitis airgeadais léargas firinneach cóir i gcomhréir le CTA 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntí
- a mheasúnú arb iomchuí úsáid a bhaint as bonn an ghnóthais leantaigh sa chuntasaíocht, agus
- cibé rialú inmheánach a dhéanamh a mheasann sé a bheith riachtanach chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé de thoradh calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi ailt 13 agus 17 den Acht lompair (Tionsnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Chuntais an Chiste Cosanta Taisteaíthe agus an Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionsnóirí Turas agus tuairisc a thabhairt orthu sin do Thithe an Oireachtas.

Is í an aidhm atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh ná dearbhú réasúnta faoi cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-ionlán saor ó mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní deimhniú é go mbraitheoidh iniúchadh, arna chur i bhfeidhm de réir ISA míráiteas ábhartha i gcónai nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar gur míráitis ábhartha iad más féidir bheith ag súil leis go réasúnta, go mbeadh tionchar acu ina n-aonar, nó le chéile, ar chinnti eacnamaíocha úsáideora arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cuirim breithíunas gairmiúil i bhfeidhm agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Déanaim rioscaí an mhíráitis ábhartha i leith na ráiteas airgeadais cibé acu de thoradh calaoise nó earráide a aithint agus a mheas; ceapaim agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeacha iniúchóireachta chun freagairt do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus cúl le go mbeidh sí ina bonn le mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le míráiteas ábharach a thagann ó chalaois agus gan í a aithint níos airde ná an riosca a bhaineann le míráiteas a thagann ó earráid, mar is féidir le claoípháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéisí, nó sárú ar smacht inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach is cuí don iniúchadh chun nósanna imeacha a cheapadh atá cuí sna cúinsí, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl faoi éifeachtacht na rialuithe airgeadais.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta arna n-úsáid agus ar oiriúnacht na meastachán airgeadais agus na noctuithe gaolmhara.
- Tagaim ar chonclúid faoi oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh don chuntasáíocht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta faigte, cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha i gceist a d'fhéadfadh amhras a chur ar chumas Chuntais an Chiste Cosanta Taisteaíthe agus an Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionsnóirí Turas leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na noctuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, murar leor na noctuithe sin, mo thuairim a athrú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise ón iniúchadh arna fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go dtarlódh imeachtaí nō go mbeadh coinníollacha i gceist sa todhchaí, áfach, a stopfadhbh Cuntais an Chiste Cosanta Taisteaíthe agus an Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionsnóirí Turas de bheith ag leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach mar thoradh orthu.
- Déanaim measúnú ar léiriú, struchtúr agus inneachar na ráiteas airgeadais ar an ionlán, lena n-áirítear an noctadh, agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais idirbhearta bunúsacha agus imeachtaí ar bhealach a léiríonn léiriú cothrom.

Déanaim teagháil leo siúd a bhfuil sé de chúram orthu rialú a dhéanamh maidir le, i measc nithe eile, scóip agus uainiú pleánálte an iniúchta agus tortaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a aimsim i rith m'iniúchta.

Tugaim tuairisc mar eisceacht má tharlaíonn ceann de na nithe seo, i mo thuairimse,

- níl an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim don iniúchadh faighe agam, nō
- ní leor na taifid chuntasáíochta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh gan mhoill agus i gceart, nō
- níl na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáíochta.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh ag tagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlacthaí Stáit maidir lena mbainistíoch agus lena n-oibriúchán. Tugaim tuairisc má aithním aon ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach ina dhéantar an gnó poiblí.

Táim ag iarráidh fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tugaim tuairisc má aithním aon eachtra ábhartha áit nár baineadh úsáid as airgead poiblí le haghaidh na gcuspóirí a bhí beartaithe ná áit nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis arna rialú.

**Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe  
agus an Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas**

**Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar na Cúlchistí Ioncaim Choinnithe don bhliain  
dar chríoch an 31 Nollaig 2021**

Ioncam	Nótaí	CCT 2021	Roinn		
			lompair 2021	lomlán 2021	lomlán 2020
			€	€	€
Maoiniú ón Roinn lompair			-	700,000	700,000
Ioncam Eile			-	700,000	700,000
					1,900,000
<b>Caiteachas</b>					
Éilimh loicthe agus costais riarracháin	4	1,017,343	1,147,245	2,164,588	1,494,882
Costais ghinearálta riarracháin		29,641	-	29,641	34,316
Táillí cuntasaíochta agus gairmiúla		3,243	-	3,243	4,335
Táille iniúchóireachta		4,700	-	4,700	4,700
		1,054,927	1,147,245	2,202,172	1,538,233
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		(1,054,927)	(447,245)	(1,502,172)	361,767
IARMHÉID AR AN 1 EANÁIR		1,210,900	447,245	1,658,145	1,296,378
IARMHÉID AR 31 NOLLAIG		155,973	-	155,973	1,658,145

Cuimsíonn an Ráiteas ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí ioncaim Coinnithe na gnóthachain agus na caillteanais ar fad atá aitheanta sa bhliain.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 11.

**David Hodnett**  
Leas-Choimisinéir  
Dáta: 30 Meán Fómhair 2022

**Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe  
agus an Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas**

**Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021**

	Nótaí	2021 €	2020 €
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Airgead Tirim agus	3	1,149,307	2,650,954
Coibhéisí Airgid			
Banna Infhála		43,973	-
		1,193,280	2,650,954
<b>Dliteanais Reatha: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin</b>			
Soláthar le haghaidh	6	(126,937)	-
Méideanna atá dlite do Shealbhóirí Banna			
Soláthar sonrach d'élimh amuigh	5	(883,741)	(963,220)
Fabhruthe	7	(26,629)	(29,590)
		(1,037,307)	(992,810)
<b>Glansócmhainní Reatha</b>		155,973	1,658,144
<b>Glansócmhainní</b>		155,973	1,658,144
<b>Lena n-ionadaítear</b>			
An Ciste Cosanta Taistealaithe		155,973	1,210,899
Ciste na Roinne lompair		-	447,245
<b>Cúlchistí Ioncaim Choimeádta</b>		155,973	1,658,144

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 11.

**David Hodnett**  
Leas-Choimisinéir  
Dáta: 30 Meán Fómhair 2022

**Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Banna Gníomhairí  
Taistil agus Tionscnóirí Turas**

**Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021**

	Nótaí	2021 €	2020 €
<b>Glan-insreabhadh/(Glan-eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>			
Barrachas/(Easnamh) ar Ioncam agus ar Chaiteachas		(1,502,172)	361,767
Ús bainc a fuarthas mar għlanmhéid de na muirir bħainc a īocadh		7,894	525
(Laghdú)/Méadú ar Infháltais		(38,628)	-
(Laghdú)/Méadú ar Sholáthairtí		(79,478)	961,834
(Laghdú)/Méadú ar Mhēideanna Iníoctha		121,592	-
(Laghdú)/Méadú ar Fhabhrutie		(2,960)	17,851
<b>(Glan-eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		<b>(1,493,752)</b>	<b>1,341,977</b>
<b>Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>			
Táillí bħainc		(7,894)	(525)
<b>Glanlaghdú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim</b>		<b>(1,501,647)</b>	<b>1,341,452</b>
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgead Tirim ag túis na tréimhse		2,650,954	1,309,502
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgead Tirim ag deireadh na tréimhse		1,149,307	2,650,954

# Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Banna Gníomhairí

## Taistil agus Tionscnóirí Turas

### DK Travel Limited

Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí loncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021	2020
Ioncam		€	€
Ioncam ón mBanna		42,475	-
<b>Caiteachas</b>			
Éilimh – Turais Láneagraithe		16,946	-
Éilimh – Nótáí Creidmheasa Aisíoca		40,650	-
Costais Aisdúichithe		-	-
Costais Riaracháin	4	5,350	-
Íoctha ag an CCT	4	(1,574)	-
Comhlíonta ag Ciste na Roinne lompair	4	(40,650)	-
Barrachas/(Easnamh)		21,754	-
Barrachas/(Easnamh) inaisíoctha leis an Sealbhóir Bannaí		(21,754)	-
Barrachas/(Easnamh) iomlán		-	-

Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

### Sócmhainní Reatha

Airgead sa Bhanc	21,754	-
------------------	--------	---

### Dliteanais Reatha

Éilimh Amuigh	-	-
Aisíoca maidir le Sealbhóir Bannaí	(21,754)	-
Fabhruithe - Costais Riaracháin Gan íoc	-	-

### Glansócmhainní/(Glandliteanais)

#### Nóta:

Scoir DK Travel Limited de thrádáil ar an 12 Feabhra 2021. Glaodh go hiomlán luach iomlán an bhanna mar atá €42,475. Tá cistí dóthanacha sa bhanna chun costas riarthá agus turais láneagraithe a bhaint amach. Tá na NCAnna frithgheallta ag Ciste na Roinne lompair, le méid carnach €40,650 gearrtha leis an gCiste ag deireadh 2021.

David Hodnett  
Leas-Choimisinéir  
Dáta: 30 Meán Fómhair 2022

# Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Banna Gníomhairí

## Taistil agus Tionscnóirí Turas

### Joe Walsh Pilgrimage Tours Ltd

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021	2020
Ioncam		€	€
Ioncam ón mBanna		1,280,000	-
<b>Caiteachas</b>			
Éilimh – Eitiltí & Turais Láneagraithe		1,874,520	-
Éilimh – Nótáí Creidmheasa Aisfóca		1,026,102	-
Costais Aisdúichithe		-	-
Costais Riaracháin	4	301,549	-
Comhlíonta ag Ciste na Roinne lompair	4	(896,069)	-
Íoctha ag an CCT	4	(1,026,102)	-
Barrachas/(Easnamh)		-	-
Barrachas/(Easnamh) ó na blianta roimhe		-	-
Barrachas/(Easnamh) iomlán		-	-

Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Airgead sa Bhanc		797,962	-
<b>Dliteanais Reatha</b>			
Éilimh gan Íoc		(777,040)	-
Fabhrúithe - Costais Riaracháin Gan Íoc		(20,923)	-
<b>Glansócmhainní/(Glandliteanais)</b>			

#### Nóta:

Scoir Joe Walsh Pilgrimage Tours Ltd de thrádáil ar an 27 Aibreán 2021. Glaodh go hiomlán luach iomlán an bhanna mar atá €1,280,000. Ní raibh cistí leordhóthanacha laistigh den bhanna chun na dliteanais uile a bhaint amach gan tarraingt ar an CCT. Bhí na NCAnna gearrtha go dtí an ciste na Roinne lompair. Cuireadh isteach éileamh chun méideanna a fháil ar ais atá bainte amach ag na Cistí le leachtaitheoir an chomhlachta.

**David Hodnett**  
Leas-Choimisinéir  
Dáta: 30 Meán Fómhair 2022

# Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Banna Gníomhairí

## Taistil agus Tionscnóirí Turas

### McGuill Travel Ltd

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021	2020
Ioncam		€	€
Ioncam ón mBanna		48,473	-
<b>Caiteachas</b>			
Éilimh – Eitiltí & Turais Láneagraithe		1,050	-
Éilimh – Nótáí Creidmheasa Aisfoca		69,542	-
Costais Aisdúichithe		-	-
Costais Riaracháin	4	937	-
Íoctha ag an CCT	4	(937)	-
Comhlíonta ag Ciste na Roinne lompair	4	(69,542)	-
Barrachas/(Easnamh)		47,423	-
Barrachas/(Easnamh) inaisíoctha leis an Sealbhóir Bannaí		(47,423)	-
Barrachas/(Easnamh) lomlán		-	-

Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

### Sócmhainní Reatha

Airgead sa Bhanc	74,105	-
Banna Dlite	43,973	-

### Dliteanais Reatha

Éilimh gan íoc	(70,592)	-
Aisíoc dlite don Sealbhóir Bannaí	(47,423)	-
Fabhruithe - Costais Riaracháin Gan Íoc	(63)	-

### Glansócmhainní/(Glandliteanais)

#### Nóta:

Scoir McGuill Travel Ltd de thrádáil ar an 5 Deireadh Fómhair 2021. Bailíodh €4,500 den bhanna, leis an iarmhéid coinnithe siar mar ní rabhthas ag súil go mbainffí úsáid as. Tá cistí leordhóthanacha laistigh den bhanna chun gach dliteanas riaracháin taistil láneagraithe, eitilte agus neamh-NCA a chomhlíonadh gan tarraingt ar an gCiste Cosanta Taistealaithe. Tá na NCAnna frithgheallta ag Ciste na Roinne lompair, le méid carnach €69,542 gearrtha leis an gciste ag deireadh 2021.

**David Hodnett**  
Leas-Choimisinéir  
Dáta: 30 Meán Fómhair 2022

# Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Banna Gníomhairí

## Taistil agus Tionscnóirí Turas

### Brady Travel Ltd

Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí loncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021	2020
Ioncam		€	€
Ioncam ón mBanna		20,000	-
<b>Caiteachas</b>			
Éilimh – Eitiltí & Turais Láneagraithe		-	-
Éilimh – Nótáí Creidmheasa Aisíoca		34,924	-
Costais Aisdúichithe		-	-
Costais Riaracháin	4	27	-
Íoctha ag an CCT	4	(27)	-
Comhlíonta ag Ciste na Roinne lompair	4	(34,924)	-
Barrachas/(Easnamh)		20,000	-
Barrachas/(Easnamh) inaisíoctha leis an Sealbhóir Bannaí		(20,000)	-
Barrachas/(Easnamh) iomlán		-	-

Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

### Sócmhainní Reatha

Airgead sa Bhanc	54,900	-
------------------	--------	---

### Dliteanais Reatha

Fabhráithe-Éilimh Amuigh	(34,924)	-
Fabhráithe – Dlite don Sealbhóir Banna	(20,000)	-
Fabhruithe - Costais Riaracháin Gan Íoc	23	-

### Glansócmhainní/(Glandliteanais)

#### Nóta:

Scoir Brady Travel Ltd de thrádáil ar an 27 Deireadh Fómhair 2021. Glaodh go hiomlán luach iomlán an bhanna mar atá €20,000. Bhí gach éileamh ina NCA agus mar sin íocadh ón scéim NCA iad.

**David Hodnett**  
Leas-Choimisinéir  
Dáta: 30 Meán Fómhair 2022

**Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Banna Gníomhairí  
Taistil agus Tionscnóirí Turas**

**Rathgar Travel Ltd**

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021	2020
Ioncam		€	€
Ioncam ón mBanna		-	66,395
<b>Caiteachas</b>			
Éilimh	(589)	88,896	
Costais Aisdúichithe		-	-
Costais Riaracháin	4	37,732	
Comhlíonta ag Ciste na Roinne lompair	4	589	(60,233)
Barrachas/(Easnamh)		-	-
Barrachas/(Easnamh) ó na blianta roimhe		-	-
Barrachas/(Easnamh) iomlán		-	-

Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

**Sócmhainní Reatha**

Airgead sa Bhanc	-	2,144
------------------	---	-------

**Dliteanais Reatha**

Éilimh gan íoc	-	(939)
----------------	---	-------

Fabhruithe - Costais Riaracháin Gan íoc	-	(1,205)
---	---	---------

**Glansócmhainní/(Glandliteanais)**

**Nóta:**

Scoir Rathgar Travel Ltd de thrádáil ar an 11ú Márta 2020. Glaodh go hiomlán luach iomlán an bhanna mar atá €66,395. Ní raibh cistí leordhóthanacha sa bhanna chun íoc as gach dliteanas, gan tarraingt ar Chiste na Roinne lompair. Ba é an méid carnach arna ghearradh ar an gCiste ag deireadh 2021 ná €59,644.

**David Hodnett**  
Leas-Choimisinéir  
Dáta: 30 Meán Fómhair 2022

**Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Banna Gníomhairí**  
**Taistil agus Tionscnóirí Turas**

**East West Travel Limited**

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021	2020
		€	€
<b>Ioncam</b>			
Ioncam ón mBanna		-	50,214
<b>Caiteachas</b>			
Éilimh		(4,403)	120,214
Costais Aisdúichithe		-	-
Costais Riaracháin	4	81	47,456
Íoctha ag an CCT	4	(81)	(47,456)
Comhlíonta ag Ciste na Roinne lompair	4	4,403	(70,000)
Barrachas/(Easnamh)		-	-
Barrachas/(Easnamh) ó na blianta roimhe		-	-
Barrachas/(Easnamh) iomlán		-	-

Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Airgead sa Bhanc		89	8,426
<b>Dliteanais Reatha</b>			
Éilimh gan íoc		(89)	(6,890)
Fabhruithe - Costais Riaracháin Gan Íoc		-	(1,536)
<b>Glansócmhainní/(Glandliteanais)</b>		-	-

**Nóta:**

Scoir East West Travel Ltd de thrádáil ar an 16 Márta 2020. Glaodh go hiomlán luach iomlán an bhanna mar atá €50,214. Ní raibh cistí leordhóthanacha sa bhanna chun íoc as gach dliteanas gan tarraingt ar an gCiste Cosanta Taistealaithe agus ar Chiste na Roinne lompair. Ba é an méid carnach gearrtha chuig na Cistí ag deireadh 2021 ná €113,135.

**David Hodnett**  
**Leas-Choimisinéir**  
**Dáta: 30 Meán Fómhair 2022**

**Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Banna Gníomhairí  
Taistil agus Tionscnóirí Turas**

**USIT Ireland Limited (Gníomhaire Taistil)**

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

Ioncam	Nótaí	2021	2020
		€	€
Ioncam ón mBanna		-	450,000
<b>Caiteachas</b>			
Éilimh – Eitilt & Pacáiste		(1,856)	1,251,701
Costais Aisdúichithe		-	-
Costais Riaracháin	4	70,988	212,845
Íoctha ag an CCT	4	(100,129)	(42,127)
Comhlíonta ag Ciste na Roinne lompair	4	30,997	(972,419)
Barrachas/(Easnamh)		-	-
Barrachas/(Easnamh) ó na blianta roimhe		-	-
Barrachas/(Easnamh) iomlán		-	-

Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

Sócmhainní Reatha			
Airgead sa Bhanc		725	661,330
<b>Dliteanais Reatha</b>			
Éilimh gan íoc		(725)	(651,197)
Fabhrúithe - Costais Riaracháin Gan Íoc		-	(10,133)
<b>Glansócmhainní/(Glandliteanais)</b>			
		-	-

**Nóta:**

Scoir USIT Ireland Ltd de thrádáil ar an 27 Mártá 2020. Glaodh go hiomlán luach iomlán an bhanna mar atá €450,000. Ní raibh cistí leordhóthanacha sa bhanna chun íoc as gach dliteanas gan tarraingt ar an gCiste Cosanta Taistealaithe agus ar Chiste na Roinne lompair. Ba é an méid carnach gearrtha chuig na Cistí ag deireadh 2021 ná €1,083,678. Cuireadh isteach éileamh chun méideanna a fháil ar ais atá bainte amach ag na Cistí le leachtaitheoir an chomhlachta.

**David Hodnett**  
Leas-Choimisinéir  
Dáta: 30 Meán Fómhair 2022

# Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Banna Gníomhairí

## Taistil agus Tionscnóirí Turas

### USIT Ireland Limited (Tionscnóir Turas)

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021	2020
<b>Ioncam</b>		€	€
Ioncam ón mBanna		-	5,345
<hr/>			
<b>Caiteachas</b>			
Éilimh		5,774	-
Costais Aisdúichithe		-	-
Costais Riaracháin	4	47	-
Comhlíonta ag Ciste na Roinne lompair	4	(476)	-
Barrachas/(Easnamh)		(5,345)	5,345
(Barrachas) Inaísíoctha leis an Sealbhóir Bannaí		5,345	(5,345)
Barrachas/(Easnamh) Iomlán		-	-

Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Banna Infhála		-	5,345
<hr/>			
<b>Dliteanais Reatha</b>			
Banna Inaísíoctha leis an Sealbhóir Bannaí		-	(5,345)
<hr/>			
<b>Glansócmhainní/(Glandliteanais)</b>		-	-

#### Nóta:

Scoir USIT Ireland Ltd (Tionscnóir Turas) de thrádáil ar an 27 Márta 2020. Bhí banna €5,000 acu (a d'fhabhraigh ús ar thaiscí de €345). Ní raibh cistí leordhóthanacha sa bhanna chun íoc as gach dliteanas, gan tarraingt ar Chiste na Roinne lompair. Ba é an méid carnach arna ghearradh ar an gCiste ag deireadh 2021 ná €476.

**David Hodnett**  
Leas-Choimisinéir  
Dáta: 30 Meán Fómhair 2022

**Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Banna Gníomhairí**  
**Taistil agus Tionscnóirí Turas**

**Pamela Brownlee ag trádáil mar Flyaway Travel & Cruises for You**

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021
---

Ioncam	Nótaí	2021	2020
		€	€
Ioncam ón mBanna		-	44,000
<b>Caiteachas</b>			
Éilimh – Taisteal Láneagraithe & Eitilt Amháin		200	112,547
Costais Aisdúichithe		-	-
Costais Riaracháin	4	14	14,792
Íoctha ag an CCT	4	(14)	-
Comhlíonta ag Ciste na Roinne lompair	4	(200)	(83,339)
Barrachas/(Easnamh)		-	-
Barrachas/(Easnamh) ó na blianta roimhe		-	-
Barrachas/(Easnamh) iomlán		-	-

Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021
--

<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Airgead sa Bhanc		-	13,503
<b>Dliteanais Reatha</b>			
Éilimh gan íoc		-	(13,064)
Fabhrúithe - Costais Riaracháin Gan Íoc			
		-	(439)
<b>Glansócmhainní/(Glandliteanais)</b>			
		-	-

**Nóta:**

Scoir Pamela Brownlee de thrádáil ar an 24 Aibreán 2020. Glaodh go hiomlán luach iomlán an bhanna mar atá €44,000. Ní raibh cistí leordhóthanacha sa bhanna chun íoc as gach dliteanas gan tarraingt ar an gCiste Cosanta Taistealaithe agus ar Chiste na Roinne lompair. Ba é an méid carnach gearrtha chuig na Cistí ag deireadh 2021 ná €83,553.

**David Hodnett**  
**Leas-Choimisinéir**  
**Dáta: 30 Meán Fómhair 2022**

**Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Banna Gníomhairí  
Taistil agus Tionscnóirí Turas**

**SM Tech Service Supply DAC ag trádáil mar Planet Travel**

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

<b>Ioncam</b>	<b>Nótaí</b>	<b>2021</b>	<b>2020</b>
		€	€
Ioncam ón mBanna		-	21,674
<b>Caiteachas</b>			
Éilimh		-	31,897
Costais Aisdúichithe			-
Costais Riaracháin	4	-	6,431
Comhlíonta ag Ciste na Roinne lompair	4	-	(16,654)
Barrachas/(Easnamh)		-	-
Barrachas/(Easnamh) ó na blianta roimhe		-	-
Barrachas/(Easnamh) lomlán		-	-

Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Airgead sa Bhanc		-	4,709
<b>Dliteanais Reatha</b>			
Éilimh gan íoc		-	(4,383)
Fabhruithe - Costais Riaracháin Gan íoc		-	(326)
<b>Glansócmhainní/(Glandliteanais)</b>		-	-

**Nóta:**

Scoir SM Tech Service Supply DAC de thrádáil ar an 15 Bealtaine 2020. Glaodh go hiomlán luach iomlán an bhanna mar atá €21,674. Ní raibh cistí leordhóthanacha sa bhanna chun íoc as gach dliteanas, gan tarraingt ar Chiste na Roinne lompair. Ba é an méid carnach arna ghearradh ar an gCiste ag deireadh 2021 ná €16,654.

**David Hodnett**  
Leas-Choimisinéir  
Dáta: 30 Meán Fómhair 2022

**Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Banna Gníomhairí  
Taistil agus Tionscnóirí Turas**

**King Travel Ltd**

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí ioncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

Ioncam	Nótaí	2021	2020
		€	€
Ioncam ón mBanna		-	104,864
<b>Caiteachas</b>			
Éilimh – Eitilt amháin & Taisteal Láneagraithe		(3,793)	65,554
Éilimh – Nótaí Creidmheasa Aisíoca		(13,090)	227,085
Costais Aisdúichithe		-	-
Costais Riarachán	4	8,975	14,878
Íoctha ag an CCT	4	(18,511)	
Comhlíonta ag an Roinn Iompair	4	(11,342)	(202,653)
Barrachas/(Easnamh)		37,760	-
Barrachas/(Easnamh) iaisíochta leis an nGníomhaire Taistil		(37,760)	-
Barrachas/(Easnamh) Iomlán		-	-

Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

Sócmhainní Reatha			
Airgead sa Bhanc		38,132	288,154
<b>Dliteanais Reatha</b>			
Éilimh gan Íoc		(372)	(286,747)
Aisíoc Dlite don Sealbhóir Bannaí		(37,760)	-
Fabhruithe - Costais Riarachán Gan Íoc		(1,407)	
<b>Glansócmhainní/(Glandliteanais)</b>			

**Nóta:**

Scoir King Travel Ltd de thrádáil ar an 2 Meán Fómhair 2020. Glaodh go hiomlán luach iomlán an bhanna mar atá €104,864. Tá na NCAnna frithgheallta ag an gCiste na Roinne Iompair, le méid carnach €232,506 gearrtha leis na Císti ag deireadh 2021.

**David Hodnett**  
Leas-Choimisinéir  
Dáta: 30 Meán Fómhair 2022

# Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taisteaileithe agus Banna Gníomhairí

## Taistil agus Tionscnóirí Turas

**Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021**

### 1. Beartais Chuntais

Tá bunús na cuntasaiochta agus na mbeart suntasach cuntasaiochta a ghlaicann an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta i dtaoibh ráitis airgeadais Chuntais an Chiste Cosanta Taisteaileithe agus an Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad go léir ar feadh na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

#### a) Faisnéis Ghinearálta

Rinneadh foráil san Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982 do dhaoine a chosaint a théann i mbun conarthaí taistil thar lear, le tionscnóirí turas nó le gníomhairí taistil, trí fhoráil a dhéanamh maidir leo seo a leanas:

- (a) Ceadúnú tionscnóirí turas agus gníomhairí taistil;
- (b) An ceanglas gur gá do gach gnólacht dá leithéid, sula dtabharfar ceadúnas dó, fianaise a thabhairt don Choimisiún um Rialáil Eitlíochta a thaispeánann go bhfuil páirt á glacadh aige i gcomhaontú inghlactha chun a chustaiméirí atá ag dul ag taisteaileithe thar lear a chosaint (tugtar “Banna” ar an gcomhaontú sin) agus;
- (c) Ciste Cosanta Taisteaileithe (CCT) a bhunú chun íoc as aon ghanntanas nach gclúdaítear faoin mbanna.

Faoi fhorálacha an Achta um Rialáil Eitlíochta 2001, tá an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta freagrach as an gCiste a riar.

#### b) Cuntasaiochtaí

Déantar foráil le gach banna, i gcás loicthe ag an Tionscnóir Turas nó ag Gníomhaire Taistil i leith conarthaí taistil thar lear, go gcuircfear suim airgid ar fáil don Choimisiún um Rialáil Eitlíochta le cur chun sochair do dhuine ar bith de na custaiméirí a thabhaigh caillteanas nó dliteanas de bharr loiceadh dá leithéid. Is féidir na riachtanais bhannaithe a chomhlíonadh trí bhanna árachais, trí bhanna bainc nó trí shuim airgid thirim a chur i dtaisce leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta.

Cóinníonn an Coimisiún cuntas ar leith ar an airgead go léir a fhraigheann sé de bhun gach banna le haghaidh gníomhaire taistil nó tionscnóir turas teipthe agus ar na híocaíochtaí go léir a dhéanann sé as an airgead sin. Tá na cuntasaiochtaí seo ar taispeáint ar leathanaigh 8 go dtí 18.

Gearrtar costais riaracháin ar na cuntasaiochtaí bhanna mar a thabhaítear iad. Muirearaítear éilimh sa bhliain ina dtarlaíonn an teagmhas atá ina chuíos leis an éileamh. Cistí a fhaightear ó gach banna, tarraingítear anuas iad nó taispeántar iad mar chistí dlite ón sealbhóir banna sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas a foctar ón mbanna.

#### c) An Ciste Cosanta Taisteaileithe

Úsáidtear an Ciste Cosanta Taisteaileithe chun íoc as caillteanasí ná dliteanasí a thabhaíonn custaiméirí de bharr tionscnóirí turas ná gníomhairí taistil ceadúnaithe, sa mhéid is nach bhfuil dóthain airgid sna bannaí chun íoc as a leithéid de chaillteanasí ná dliteanasí. Taispeántar méideanna a ghearrtar ar an gCiste mar Éilimh Loicthe agus Costais Riarcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí Coimeádta. Cuireadh ranníocaíochtaí ó thionscnóirí turas de bharr rialachán a rinneadh faoin Acht ar fionraí le héifeacht ó mhí Aibreáin 1987, toisc go raibh dóthain airgid sa chúlchiste ar fáil. Chuir an Coimisiún túis le hobair chun athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe banna atá i bhfeidhm faoi láthair agus ar oibriú an Chiste Cosanta Taisteaileithe in 2017 lena chinntí go leanann siad ar aghaidh ag comhlíonadh cuspóirí na scéime go héifeachtach agus go dtugann siad leibhéal cuí cosanta don phobal taistil. D'fhoilsíomar tuarascáil ar bhearta cosanta sa trádáil taistil do thomholtóirí i mí Eanáir 2019; thángamar ar an dtuairim nach bhfuil an scéim éifeachtach a thuilleadh ag an bpóinte seo. Ba é sin an chéad chéim dár gcuid oibre sa réimse sin.

## Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Banna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas

Le trashuíomh Treoir (AE) 2015/2302 ar thaisteal láneagraithe agus socruthe taistil nasctha i ndlí na hÉireann I mí an Mhárta 2019, thionscnaíomar céim 2 dár gcuid oibre sa réimse sin. D'fhostaíomar comhairleoirí eacnamaíocha (CEPA) chun oibriú leis an gCoimisiún leis na nithe seo a leanas a shocrú: (a) bearta ar cheart a bheith i bhfeidhm chun a chinntíú go dtugtar leibhéal sásúil de shlándáil airgeadais do thomholtóirí, (b) an bealach cuí leis an CCT a athsholáthar agus leanúint ar aghaidh á fheidhmiú ar bhealach cothrom, agus (c) pleannanna sonracha um chur i bhfeidhm le haghaidh na roghanna tosaíochta agus (d) aon ábhair eile is ábhartha chun a chinntíú go leantar ar aghaidh le cosaint éifeachtach do thomholtóirí.

Breathnáíomar ar roghanna éagsúla le haghaidh leasú agus eisíodh Tuarascáil eatramhach i Lúnasa 2019. Leag an tuarascáil sin measúnú amach maidir leis na roghanna beartaithe chun socruthe cosanta reatha a athchóiriú in Éirinn de bharr na Treorach. In éineacht leis sin, d'eisigh an Coimisiún páipéar comhairliúcháin ag lorg dearctaí ar thionscal taistil ar an leasú molta. Fuaireamar 15 freagra mar gheall ar an bpáipéar comhairliúcháin.

Rinne an Coimisiún agus a chuid comhairleoirí eacnamaíocha na freagraí a fuarthas a mheas i dteannta le haon athruithe ar an margadh idir an dá linn. Bunaithe ar an bhfaisnéis sin, rinne CEPA nuashonrú ar a n-anailís agus eisíodh a dtuarascáil deiridh i mí Dheireadh Fómhair 2019. Bunaithe ar an obair go léir go dtí seo sa réimse sin, d'eisigh an Coimisiún Páipéar 9/2020 ón gCoimisiún Bearta um Chosaint Thomholtóirí Ghnó an Taistil-Comhairle don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Eisíodh an dá pháipéar go dtí an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus foilsíodh é ar shuíomh gréasáin an Choiisiúin i Nollaig 2019. De bharr na paindéime ó 2020 go 2022, ní raibh aon dul chun cinn eile ar an obair seo. Leanamar ar aghaidh ag dul i ngleic leis an Rialtais ar an ábhar seo agus idir an dá linn chuir an Roinn Iompair maoiniú ar fáil don CCT chun a chinntíú go bhfuil sé dóthanach chun íoc as éilimh – féach e thíos.

### d) Scéim Nótá Creidmheasa Aisíocaíochta

Tá paindéim Covid-19 tar éis tionchar díobhálach a bheith aici ar thionscal an taistil in Éirinn. I Meitheamh 2020 chuir an Rialtas scéim i bhfeidhm a chosnódh Nótáí Creidmheasa Aisíoca (NCAnna) eisithe ag gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas Éireannacha a bhfuil ceadúnais acu (I.R. 218 de 2020). Foráiltear leis an scéim go mbeidh siad siúd cosanta ar dhócmhainneacht ag an Stát. Ar an 31 Nollaig 2021, bhí 11,561 NCAnna san iomlán eisithe le luach iomlán €8,556,282 (ar an 31 Nollaig 2020 bhí 19,303 NCAnna eisithe san iomlán le luach iomlán €17,292,852). Is figiúr measta é sin bunaithe ar thuairisceán curtha ar fáil mar gheall ar gníomhairí taistil/tionscnóirí taistil eisiúna. Tá an Coimisiún freagrach as luach na NCAnna eisithe a thiomsú agus a thuairisciú.

Frithgheallann an reachtaíocht na NCAnna gan tagairt d'aon bhanna atá ar fáil de gníomhairí taistil/tionscnóirí turas atá tar éis cliseadh. Ciallaíonn sé sin dá dtitfeadh eintiteas agus NCAnna suntasacha neamhíochta aige, téann an ciste i ngleic le haon dliteanas a thagann chun cinn agus ní théann an banna i ngleic leo.

Níl na costais riarracháin ceadaithe i bpróiseáil na n-éileamh seo agus tá sé riachtanach go bhfuil siad tacaithe ag na bannaí agus/nó ag an gCiste Cosanta Taistealaithe.

### e) Cistiú ón Roinn Iompair/Gnóthas Leantach

Ar an 17 Meitheamh 2020, cruthaíodh I.R. uimh. 219 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Taisteal Láneagraithe), 2020, chun meicníocht a cheadú le go bhféadfadh an Státhiste an ciste a bhreisiú agus chun aon éileamh láneagraithe agus éilimh faoin Scéim Nótáí Creidmheasa Aisíoca a chlúdach. Ní féidir an cistiú a úsáid chun íoc as éilimh in eitilt amháin nó costais riarracháin a chistiú, íocann an CCT as na costais sin.

## Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Banna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas

In 2021 chuaigh ceithre ghníomhaireacht taistil faoi leachtú. Ní raibh an t-airgead sa CCT dóthanach chun gach éilitheoir a chúiteamh, agus rinneadh iarratas ar an Roinn lompair chun an ciste a bhreisiú. D'aistrigh an Roinn lompair €700,000 isteach sa Chiste. Bhí an t-airgead a chuir an Roinn ar fáil caite go hiomlán in 2021.

Faoi 31 Nollaig 2021, bhí €155,000 ag an CCT i sócmhainní reatha glana.

Creideann An Coimisiún go mbeidh aon dliteanas sa todhchaí a tharlaíonn mar gheall ar élimh amach anseo maoinithe ag an Roinn agus ar an mbunús sin tá sé oiriúnach ráitis airgeadais na gCistí a ullmhú ar bhunús an ghnóthais leantaigh.

### f) Leachtú Comhlachtaí Teipthe

I gcás go dteipfeadh ar ghníomhaire taistil nó tionscnóir turas agus go ndéanfaí leachtú ar a leithéid de ghnólacht, dhéanfaí éileamh chuig an leachtaitheoir chun méideanna ar bith a bheadh dlite a aisghabháil, méideanna a d'íocfaí ón gCiste Cosanta Taistealaithe. Tugtar fáltais de bharr élimh dá leithéid chun cuntais de réir mar a thagann siad chun cinn.

### g) Ráiteas Géilliúlachta

Ullmaíodh Cuntais Banna ráitis airgeadais Chuntais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus an Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 de réir CTA 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (CTA).

### h) Bonn Ullmhúcháin

Ullmaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stáiriúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanas áirithe a rinneadh a thomhas ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach i leith nithe a mheastar atá ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an Chiste.

### i) Aitheantas Ioncaim

Aithnítear ioncam infhaigte ó shealbhóirí banna maidir le caiteachas a thabhaítear nuair is dócha go mbainfidh an ciste tairbhe eacnamaíoch. Nuair atá amhras mór ann go bhfaighfear méideanna atá dlite ó shealbhóirí banna ar ais, ní aithnítear an t-ioncam bainteach agus nochtar é mar nóta. Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhrúithe ag baint úsáid as modh an għlanrāta úis.

### j) Infháltais

Aithnítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar i leith fiacha amhrasacha. Is foráil sonrach í an fhoráil ar fhiacha amhrasacha, agus glactar léi nuair atá fianaise réadach ann nach mbeidh an Ciste in ann na suimeanna uile atá dlite di a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar i leith fiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

## 2. Gnóthas Leantach

Ullmaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus creideann an Coimisiún go leanfaidh an Ciste ar aghaidh mar ghnóthas leantach, go ceann i bhfad ar bhonn na sonraí atá leagtha amach i nóta 1 c agus e) thusas agus i nóta 11 thíos.

## Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Banna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas

### 3. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid

Aistrítear aon airgead nach bhfuil ag teastáil chun íoc as caiteachas reatha chuig cuntas infheistíochta (Cuntas Infheistíochta an Chiste Cosanta Taistealaithe) a dhéanann an tAire Airgeadais a bhainistiú agus a rialú. Cuirtear an t-ús a ghineann an Ciste do shocchar ioncaim.

	2021	2020
Iarmhéis Tosaigh	2,650,954	1,309,502
Ús	-	-
Fáiltas Chiste na Roinne lompair	700,000	1,900,000
Bannaí glaoite	1,352,273	737,147
Táille Iníúchóireachta	(4,700)	(4,500)
Gluaiseacht sa Chuntas Reatha	(3,549,220)	(1,291,195)
Iarmhéis Deiridh	<b>1,149,307</b>	<b>2,650,954</b>

In iarmhéis bainc an CCT, tá an méid atá i gcountas reatha an CCT. Ba é iarmhéis an CICT amhail an 31 Nollaig 2021 ná €náid."

### 4. Íocadh Éilimh Loicthe agus Costais Riarracháin mar seo a leanas:

	Leathanach	Costais riarracháin		Iomlán	Gearrtha chun Banna	Gearrtha chun an CCT	Gearrtha chun an Pacáiste Ciste	Gearrtha chun NCA
		2021	2021					
DK Travel Limited	8	57,596	5,350	62,945	20,721	1,574	-	40,650
Joe Walsh Tours Ltd	9	2,900,621	301,549	3,202,171	1,280,000	896,069	-	1,026,102
McGuill Travel Ltd	10	70,592	937	71,529	1,050	937	-	69,542
Brady Travel Ltd	11	34,924	27	34,951	-	27	-	34,924
Rathgar Travel Ltd	12	(589)	-	(589)	-	-	(589)	-
East West Travel Ltd	13	(4,403)	81	(4,321)	-	81	(4,403)	-
USIT Ireland Ltd TA	14	(1,856)	70,988	69,132	-	100,129	(30,997)	-
USIT Ireland Ltd TO	15	5,774	47	5,821	5,345	-	476	-
Pamela Brownlee	16	200	14	214	-	14	200	-
King Travel Ltd	18	(16,883)	8,975	(7,908)	(37,760)	18,511	-	11,342
		<b>3,045,975</b>	<b>387,970</b>	<b>3,433,945</b>	<b>1,269,357</b>	<b>1,017,343</b>	<b>(35,313)</b>	<b>1,182,559</b>

Faisnéis chomparáideach	Leathanach	Éilimh	Costais riarracháin		Iomlán	Gearrtha chun Banna	Gearrtha chun an CCT	Gearrtha chun an Pacáiste Ciste
			2020	2020				
Rathgar Travel Ltd	12	88,896	37,732	126,628	66,395	-	-	60,233
East West Travel Ltd	13	120,214	47,456	167,670	50,214	-	-	117,456
USIT Ireland Ltd TA	14	1,251,701	212,845	1,464,546	450,000	42,127	42,127	972,419
USIT Ireland Ltd TO	15	-	-	-	-	-	-	-
Pamela Brownlee	16	112,547	14,792	127,339	44,000	-	-	83,339
SM Tech Service Supply	17	31,897	6,431	38,328	21,674	-	-	16,654
King Travel Ltd	18	292,639	14,878	307,517	104,864	-	-	202,653
		<b>1,897,894</b>	<b>334,134</b>	<b>2,232,028</b>	<b>737,147</b>	<b>42,127</b>	<b>42,127</b>	<b>1,452,754</b>

## Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Banna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas

### 5. Éilimh gan Íoc

	Leathanach	2021	2020
DK Travel Limited	8	-	-
Joe Walsh Pilgrimage Tours Ltd	9	777,040	-
McGuill Travel Ltd	10	70,592	-
Brady Travel Ltd	11	34,924	-
Rathgar Travel Ltd	12	-	939
East West Travel Ltd	13	89	6,890
USIT Ireland Ltd	14	725	651,197
Pamela Brownlee	16	-	13,064
SM Tech Service Supply	17	-	4,383
King Travel Ltd	18	372	286,747
		<b>883,741</b>	<b>963,220</b>

### 6. Suimeanna Dlite chun Sealbhóir Bannaí

	Leathanach	2021	2020
USIT Ireland TO	15	-	5,345
King Travel Ltd	18	37,760	-
DK Travel Limited	8	21,754	-
McGuill Travel Ltd	10	47,423	-
Brady Travel Ltd	11	20,000	-
		<b>126,937</b>	<b>5,345</b>

7. Fabhrúithe CCT agus Banna	Leathanach	Iomlán	Gearrtha chun an mBanna		Gearrtha chun an CCT
			2021	mBanna	
DK Travel Limited	8				
Joe Walsh Pilgrimage Tours Ltd	9	20,923	20,923	-	
McGuill Travel Ltd	10	63	63	-	
Brady Travel Ltd	11	(23)	(23)	-	
Costais Ghinearáltá Riaracháin		1,821	-	1,821	
Costais Iomlána Riaracháin		22,784	20,962	1,821	
Táillí Cuntasáiochta agus Gairmiúla		(853)	(853)	(853)	
Táille Iniúchóireachta <sup>1</sup>		4,700	4,700	4,700	
		<b>26,630</b>	<b>20,962</b>	<b>5,668</b>	

<sup>1</sup>Baineann an Táille Iniúchóireachta leis na ráitis airgeadais seo agus leis an gCuntas Infheistíochta CCT chomh maith.

## Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Banna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas

### 8. Réiteach Cistí na Roinne lompair

	2021	2020
Iarmhéid na gcistí tugtha ar aghaidh	447,246	
Maoiniú a fuarthas	700,000	1,900,000
DK Travel Limited	(40,650)	-
Joe Walsh Pilgrimage Tours Ltd	(1,026,102)	-
McGuill Travel Ltd	(69,542)	-
Brady Travel Ltd	(34,924)	-
Élimh Rathgar Travel gearrtha	589	(60,233)
Élimh East West Travel gearrtha	4,403	(117,456)
Élimh USIT gearrtha	30,997	(972,419)
Élimh USIT TO gearrtha	(476)	-
Élimh Pamela Brownlee gearrtha	(200)	(83,339)
Élimh Planet Travel gearrtha	-	(16,654)
Élimh King Travel gearrtha	(11,342)	(202,653)
Iarmhéid maoinithe atá fágtha	-	<b>447,246</b>

### 9. Bannaí

Seachas an gnáthmhodh bannaithe trí chomhlacthaí árachais agus trí bhainc faoi na Rialacháin Bannaithe (I.R. 102 de 1983), féadfar an riachtanas banna a chomhlíonadh trí shuim airgid a chur I dtaisce leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta, ina ainm agus ainm an tsealbhóra ceadúnaí. Anuas ar an airgead a cuireadh san áireamh sna cuntais roimhe sin, bhí €9,250,828 (2020: €20,696,077) curtha i dtaisce in airgead tirim leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta ar an 31 Nollaig 2021, mar a luaitear thuas. Tugtar an tsuim sin i gcuntas mar shócmhainn reatha agus mar dhliteanas reatha I ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta.


### 10. Cásanna Dlí

Níl aon chásanna dlí maidir le soláthraithe banna ar feitheamh.

### 11. Imeachtaí tar éis an Dáta Tuairiscithe

Ar an 31 Eanáir 2020, d'fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) go raibh Covid-19 ina éigeandál sláinte dhomhanda. Ar an 11 Mártá 2020, dhearbháigh an EDS go raibh sé ina phaindéim tar éis a aithint go raibh sé ag scaipeadh go tapa ar fud an domhain. Leanfaidh an phaindéim Covid-19 de bheith ag imirt tionchair mór airgeadais ar ghnó aerlínte, gníomhairí taistil, tionscnóirí turas agus aerfort tar éis dheireadh na bliana.

Scoir Katie Doyle ag trádáil mar Capture Travel ag trádáil ar an 20 Eanáir 2022. Fuair an Ciste 3 bhanna dar luach €174.



**Travellers' Protection Fund, Travel Agents'  
and Tour Operators' Bond Financial Statements**

**for the year ended 31 December 2021**

Commission for Aviation Regulation  
3<sup>rd</sup> Floor, Alexandra House  
6 Earlsfort Terrace  
Dublin 2  
D02 W773

Tel: +353 1 6611700  
Fax: +353 1 6611269  
E-mail: [info@aviationreg.ie](mailto:info@aviationreg.ie)

## Table of Contents

Statement of Commission's Responsibilities .....	2
Report of the Comptroller and Auditor General for presentation to the Houses of the Oireachtas .....	3
